

Timpeall na gClubanna



Buíochas le Sportsfile

Cumann Iomána Leic Snámha

Le Liam de Lása

Iománaithe i Lár na Ríochta

Chaith Dáithí Ó Sé agus iar-bhainisteoir caide Chiarraí, Éamonn Mac Muiris, seal ag caint is ag comhrá mar chuid de chlár cainte Uí Shé 'Seal le Dáithí' anuraidh. Chonac an fógra an tseachtain roimhe ar TG4 agus ní fhéadas fanacht leis an eipeasóid. Bhíos ag súil go dtabharfadh sé spleáchadh dúinn ar shaol Éamoinn mar bhainisteoir na Ríochta, cad as a tháinig a ghrá don gcluiche agus na cora cinniúnacha ar an gconair go dtí an barr.

Deineadh a laethanta mar bhainisteoir agus imreoir a chíoradh go deimhin, ach ba é a ghrá don gcluiche iomána ba mhó a d'fhan i mo chuimhne ó shin. Bhí gean ón gliabhán aige don iomáint agus mhínigh sé mórphaisean na dúiche don gcamán.

Tá cumann iomána Leic Snámha suite i dTuaisceart Chiarraí. Timpeallaithe ag tobar na bparóistí caide ach is iad an t-aon chlub amháin sa Ríocht nach mbacann leis an liathróid mhór. Téann siad ag imirt le Cumann Fhionnúig más áil leo a n-aird a dhíriú ar an gcaid.

Mar a tharlaíonn go minic, scaip an galar nuair a tháinig imreoirí cumasacha ar an bhfód dóibh i 2018. Bhí Shane Conway dochloíte i gcraobh na bliana 2018 i gCiarraí ach bíonn comhartha ceiste ann uaireanta go dtí go ndéantar an beart ar leibhéal náisiúnta. Thuill sé aitheantas dó féin agus dá chlub le taispeántas gan locht i gcoinne Uíbh Fhailí chun iad a dhíbirt go dtí Craobh Uí Rinn i 2019. Do bhí tábhacht ar leith ag baint leis an gcluiche san toisc gur chiúnaigh sé an argóint nach raibh an caighdeán inchurtha le craobhacha eile chun go dtabharfaí an chreidiúint mar is dual dó.

Ní dá ndeoin féin a d'imigh fir de bhunadh na háite leis na peileadóirí trí na blianta. Nuair a bhí Paul Galvin agus Mac Muirís ag fás aníos d'fhanadar dílis dos na hiománaithe go dtí gur tháinig lucht na caide ag gaoch orthu.

B'fhuirist an cinneadh é ainneoin chultúr a gclub féin. Chonaiceadar stádas na bpeileadóirí i gCiarraí, an meas a léiríonn lucht tacaíochta orthu agus seans gur shamhlaíodar go dtabharfaidís Corn Mhig Uidhir ar ais go dtí a muintir féin lá éigin.

D'ainneoin rath na n-imreoirí caide i bPáirc an Chrócaigh lean na hiománaithe ag forbairt agus bhuaigh siad craobh shinsir an chontae i 2007, 2014 agus 2018. Ní bheadh cumann Leic Snámha ar bheola daoine go náisiúnta murach an clúdach ceannródaíoch a thug feiniméan na meán sóisialta 'Buff Egan' dóibh.

Dhírigh Buff a aird go príomha ar chlubanna agus áiteanna nach raibh ag fáil aitheantais mar ba dhual dóibh ó na meáin thraidisiúnta. Dhein sé a chúram gan pingin rua a fháil as agus tá éacht déanta aige scéalta móra an spóirt a nochtadh dúinn i bpócaí beaga ciúine ar fud an oileáin.

Is nós coitianta é d'imreoirí idirchontae CLG filleadh ar an bhfód dúchais nuair a fhágann siad slán lena laethanta i ngeansaí an chontae. Labhraíonn formhór acu le cion faoin tréimhse seo ina saol. Bíonn mórtas orthu imirt i measc seanchairde, an dream a mhúnlaigh iad agus an dream a spreag iad ar bhóthar a leasa.

D'fhill an bheirt ghaiscíoch ar a bhfréamhacha nuair a tháinig clabhsúr lena ré idirchontae. Bhí doirse dúnta ar chaibidil amháin dá saol ach ní raibh caibidil an chamáin ach ina tús.

Tá gach seans gur mhó oíche a chaith ógánaigh Leic Snámha ag taibhreamh ar gheansaí glas agus óir a chaitheamh i bPáirc an Chrócaigh. Is mó oíche leis a chaithfidh ógánaigh an lae inniu ag taibhreamh ar ghaiscí Shane Conway i gcoinne na mboc mór.

Ní fada uainn an lá go mbainfidh iománaithe na Ríochta ailp as na piardaí mór le rá agus go mbeidh imreoirí Leic Snámha i lár an aonaigh ar an lá san.



Ciabhán - Cradle
Gean - Affection
Tobar - Well
Díbirt - Banish
Inchurtha - Comparable
Feiniméan - Phenomenon

Fréamhacha - Roots
Beola - Lips
Pingin rua - Red Cent
Piardaí - Important People
Ag Taibhreamh - Dreaming
Ailp - Bite

Cúinne na bPáistí

Cuardach Focal

T	H	M	A	E	R	H	B	I	A	T	I	C	N
G	A	E	R	P	S	L	A	N	H	O	I	I	G
G	E	I	I	N	C	H	U	R	T	H	A	N	H
R	N	I	U	N	D	L	A	L	O	E	B	N	S
H	C	C	U	I	M	H	N	E	U	N	E	E	C
A	U	C	A	F	A	N	A	C	H	T	A	A	I
N	H	A	C	S	D	H	C	O	A	L	G	D	N
I	F	A	A	S	A	I	R	D	L	E	A	H	I
G	C	O	T	R	H	A	R	A	L	A	G	H	G
L	A	O	N	H	S	C	U	A	I	L	L	E	N
H	B	S	R	A	C	N	N	A	C	A	B	I	I
A	C	C	A	I	D	O	G	A	L	V	I	N	P
I	L	B	P	H	I	E	L	E	A	T	H	I	T
C	L	D	N	I	A	R	I	A	N	O	C	V	I

SEAL
GLAOCH
GALVIN
PINGIN
GALAR
BEOLA
CUIMHNE
CAID
BACANN
LOCHT
SPREAG
AIRD
TAIBHREAMH
FANACT
CONAIR
CUAILLE
COR
CINNEADH
INCHURTHA